**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**
**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**
**ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997**
**UNIVERSITIES ACT, 1997**

# OLLSCOIL NA GAILLIMHE –

# RIALACHÁN 2/2025

## University of Galway/*Ollscoil na Gaillimhe*

## REGULATION 2/2025/*RIALACHÁN 2/2025*

WE, Údarás na hOllscoile of the University of Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of the University of Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhachtaí sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, DÉANAIMIDNE, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na Gaillimhe, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na Gaillimhe, an Rialachán atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of University of Galway on this the Seventeenth Day of December, Two Thousand and Twenty Five/*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na Gaillimhe, an Seachtú Lá Déag seo de mhí na Nollag, Dhá Mhíle is Fiche a Cúig.*

Present when the Common Seal of University of Galway, was affixed hereto:

*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na Gaillimhe, de seo:*

L.S.

David J. Burn, *An tUachtarán*
Caroline Loughnane, *An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

### Schedule – REGULATION 2/2025/*Sceideal – RIALACHÁN 2/2025*

All previous Regulations of University of Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Rialacháin uile Ollscoil na Gaillimhe, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

## CHAPTER 1

## VICE PRESIDENT FOR RESEARCH AND INNOVATION

Regulation 2/2025 herby supersedes Regulations 1/2004 and 2/2010.

1. The Vice-President for Research and Innovation, under the general direction of the President, shall have responsibility for developing, in consultation with the Deputy-President and Registrar, and overseeing the implementation of, the University's research and innovation strategy.

2. The Vice President for Research and Innovation shall have specific responsibility for:

   a) Providing leadership in the achievement of the University's mission to be a research-intensive university with a global reputation for impactful research.

   b) Leading the development and implementation of the University's research and innovation strategy and related policies and processes.

   c) Developing and overseeing the structures required to support the University's research and innovation activity, including oversight of the research and innovation offices.

   d) Generating and facilitating the generation of funding sources to sustain and develop the University's investment in research and innovation activity.

   e) Monitoring and supporting the general activity and governance of the Research Institutes, Research Centres, Research Units and of the Clinical Research and Development Office.

   f) Developing collaborative relationships with key stakeholders across the higher education sector, as well as with funding bodies, and leading the development of partnerships and collaborations with regional, national and international research organisations.

   g) Developing strategies and supports that foster innovation and entrepreneurship across the University to ensure the optimal dissemination and commercialisation of the University's research activity.

   h) Creating and promoting a supportive research culture and environment that encourages and rewards excellent research, entrepreneurship and innovation, interdisciplinary research and external engagement, and that supports the development of sustainable and rewarding research careers.

   i) Overseeing the development and implementation of quality assurance processes to monitor and review the University's research performance.

3. The Vice-President for Research and Innovation shall be a member of the University Management Team, and shall attend, as requested, at meetings of Údarás na hOllscoile and any relevant committees thereof.

4. The Vice-President for Research and Innovation shall chair the Research and Innovation Committee, a sub-Committee of Academic Council, and shall provide reports of the Committee to Academic Council.

5. The Vice-President for Research and Innovation shall consult, as directed by the President, with other officers of the University in respect of matters of common concern.

**CHAPTER II**

1. This Regulation shall come into operation on the seventeenth Day of December, Two Thousand and Twenty Five, and may be cited as Regulation 2/2025, University of Galway, or Reg. 2/2025, Univ. of Galway.

Present when the Common Seal of University of Galway, was affixed hereto:

L.S.

David J.Burn, *Uachtarán*
Caroline Loughnane *Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

## CAIBIDIL 1

## AN LEAS-UACHTARÁN DON TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

Cuirtear Rialachán 2/2025 leis seo in ionad Rialacháin 1/2004 agus 2/2010.

6. Beidh freagracht ar an Leas-Uachtarán don Taighde agus Nuálaíocht, faoi stiúir ghinearálta an Uachtaráin, as straitéis taighde agus nuálaíochta na hOllscoile a fhorbairt, i gcomhairle leis an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, agus as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na straitéise sin.

7. Beidh freagracht shonrach ar an Leas-Uachtarán don Taighde agus Nuálaíocht as:

j) Ceannasaíocht a thabhairt i mbaint amach mhisean na hOllscoile, is é sin a bheith ina hollscoil atá dírithe ar thaighde agus cáil dhomhanda uirthi as taighde a théann i bhfeidhm ar an saol.

k) A bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar fheidhmiú straitéis taighde agus nuálaíochta na hOllscoile agus ar pholasaithe agus ar phróisis ghaolmhara.

l) Forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar na struchtúir is gá chun tacú le gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta na hOllscoile, lena n-áirítear maoirseacht ar na hoifigí taighde agus nuálaíochta.

m) Maoiniú a ghiniúint ó fhoinsí maoinithe, agus giniúint an mhaoinithe sin a éascú, le hinfheistíocht na hOllscoile i ngníomhaíocht taighde agus nuálaíochta a chothú agus a fhorbairt.

n) Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht ghinearálta agus ar rialachas na nInstitiúidí Taighde, na nIonad Taighde, na nAonad Taighde agus na hOifige Taighde agus Forbartha Cliniciúla agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh.

o) Caidrimh chomhoibríocha a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara ar fud earnáil an ardoideachais, chomh maith le comhlachtaí maoinithe, agus a bheith i gceannas ar fhorbairt comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe le heagraíochtaí taighde réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

p) Straitéisí agus tacaíochtaí a fhorbairt a chothaíonn nuálaíocht agus fiontraíocht ar fud na hOllscoile chun an scaipeadh agus tráchtálú is fearr is féidir ar ghníomhaíocht taighde na hOllscoile a chinntiú.

q) Cultúr agus timpeallacht taighde tacúil a chruthú agus a chur chun cinn a spreagann agus a chuireann luach saothair ar fáil do thaighde den scoth, fiontraíocht agus nuálaíocht, taighde idirdhisciplíneach agus rannpháirtíocht sheachtrach, agus a thacaíonn le forbairt gairmeacha taighde inbhuanaithe agus fiúntacha.

r) Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm próiseas dearbhaithe cáilíochta chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht taighde na hOllscoile.

8. Beidh an Leas-Uachtarán don Taighde agus Nuálaíocht ina bhall d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, agus freastalóidh sé/sí, de réir mar a iarrtar, ar chruinnithe Údarás na hOllscoile agus ar aon choistí ábhartha de chuid an Údaráis.

9. Beidh an Leas-Uachtarán don Taighde agus Nuálaíocht ina c(h)athaoirleach ar an gCoiste Taighde agus Nuálaíochta, fochoiste den Chomhairle Acadúil, agus cuirfidh sé/sí tuairiscí an Choiste ar fáil don Chomhairle Acadúil.

10. Rachaidh an Leas-Uachtarán don Taighde agus Nuálaíocht i gcomhairle, de réir mar a ordóidh an tUachtarán, le hoifigigh eile den Ollscoil maidir le nithe a bhfuil spéis i bpáirt acu iontu.

**CAIBIDIL II**

2. Tiocfaidh an Rialachán seo i ngníomh an seachtú lá déag de mhí na Nollag, Dhá Mhíle is Fiche a Cúig, agus féadfar Rialachán 2/2025, Ollscoil na Gaillimhe a ghairm de, nó Rial. 2/2025, Oll. na Gaillimhe.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na Gaillimhe, de seo:

L.S.

David J.Burn, *An tUachtarán*
Caroline Loughnane, *An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*